Athoscailt Scoil Chualann 26.8.2021

19.6.2021

A Thuismitheoir /a Chaomhnóir,

Fáilte ar ais go scoilbhliana nua i Scoil Chualann. Tá súil agam gur bhain tú féin agus do theaghlach taitneamh as na laethanta saoire agus go bhfuil sibh athluchtaithe agus réidh le scoilbhliain nua a thosú. Táim ag súil le bheith ag obair leat agus do pháistí.

Tá an fhoireann tar éis bheith gnóthach ag ullmhú agus ag pleanáil don bhliain nua. Tá an scoil glanta go maith thar thréimhse an tsamhraidh. Oibríonn ár bhfoireann go léir go dian dícheallach chun eispéireas dearfach a thabhairt do gach dalta agus táimid ag súil le fáilte a chur romhaibh ar ais.

Beidh tuilleadh eolas / ríomhphostanna ag teacht an tseachtain seo mar gheall ar fhilleadh ar scoil (treorlínte Covid/foirmeacha).

Le dea-ghuí,

Michelle Ní Thuama

Uasdátú Covid:

Cur i bhfeidhm:
Oibreoidh na páistí i gcóras 'Bubble'. Fanfaidh siad lena rang féin agus ní mheascfaidh siad le ranganna eile. Beidh ceithre rang sa chlós ag aon am amháin. Beidh díghalráin lámha ar fáil sna ranganna uile.

Dea-chleachtas
Déanfar sár-iarracht treoracha na Roinne a leanacht chun gach iarracht a dhéanamh pobal na scoile a choimeád slán sábháilte.

Sa Bhaile: Ní mór duit labhairt le do pháistí faoi scaradh sóisialta agus faoi dea-shláinteacahas lámh agus corp. Beimid ag caint leo sa scoil freisin mar gheall ar cad lena bhfuilimid ag súil maidir le Covid 19 agus dea -shláinteachas. Beidh postaeirí ar crocadh sa scoil le eolas maidir le fanacht slán.

Mála Scoile: Beidh dhá chás peann luaidhe ag teastáil ó do pháiste-ceann amháin le fágáil ar scoil ar an gcéad lá agus ceann eile le coinneáil sa bhaile. Ní bheidh cead aon fhearas bhreise a thabhairt ar scoil. Ní bheidh ag teastáil ach bosca lóin agus deoch (Beidh cosc ar bhréagáin). Beidh cead a díghalráin pearsanta a bheith acu. Cinntigh go bhfuil a n-ainmneacha ar a nithe féin.

Éide Scoile
Tabharfaidh an múinteoir ranga treoir, le linn na seachtaine tosaithe, maidir le culaith reatha/éide scoile a chaitheamh.

Corpoideachas
Beidh ranganna corpoideachais ar siúl lasmuigh agus bainfear úsáid amháin as an fearas atá dáilte roimhré ar an rang áirithe.

Ranganna Breise
Ní bheidh ranganna rince, ranganna Gearmáinise nó ranganna snámhna ar siúl sa chéad téarma.

Feighlíocht Iarscoile
Ní bheidh an seirbhís seo ar fáil do Naíonáin Bheaga agus Naíonáin Mhóra.

Tacaíocht Foghlama
Beidh meascán múineadh inranga agus lasmuigh den rang i bhfeidhm, ag tacú leis an bpolasaí scoile.

Cumarsáid
Má theastaíonn uaibh dul i dteagmháil leis an scoil, cuir glaoch nó seol ríomhphost. Ní bheidh an foireann scoile ar fáil le haghaidh cruinnithe pearsanta le tuismitheoirí. Déanfar aon teagmháil práinneach trí ghlaoch ghutháin amháin. Más gá duit teacht isteach sa scoil, ní mór duit do lámha a ní, aghaidh fhidil a chaitheamh agus síniú isteach (contact tracing log). Ní scaoilfear isteach ach tuismitheoirí atá tar éis cruinniú a shocrú roimhré.

<u>Páistí ag teacht ar Scoil ar maidin:</u>
Osclófar geataí na scoile ag 8.40r.n. Chun brú tráchta agus brú coisithe a sheachaint, iarraimid oraibh teacht chun na scoile ag na hamanta éagsúla, de réir aibítire.

Am	Sloinne
8:40-8:45	A + B + C + D + E + F + G + H
8:45-8:50	I + J + K + L + M + N + O + P + Q + R + S + T + U + V + W + X + Y + Z

Iarraimid ar an páistí teacht ar scoil in am ionas nach mbeidh slua ag cruinniú le chéile. Níl cead ag tuismitheoirí teacht isteach as scoil, seachas tuismitheoirí Naíonáin Bheaga, Naíonáin Mhóra agus Rang a 1. Is féidir leo siúd seasamh i líne lena gcuid páistí go dtí go scaoilfear isteach a bpáistí, ag leanúnt treoracha scaradh sóisialta. **Ní bheidh cead ag tuismitheoirí / caomhnóirí teacht isteach sa scoil.**

Páistí ag teacht isteach ina seomra ranga:
Ní mór dos na páistí dul go dtí doras sráide an ranga. Scaoilfidh a múinteoir isteach sa rang iad ag an am cuí ó **8:40-8:50** in ord aibítire.



<u>Bailiú na bPáistí:</u>
Naíonáin Bheaga- Rang a 1
Tá cead ag na tuismitheoirí seo teacht isteach i gclós na scoile chun a chuid páistí a bhailiú ag doras sráide an ranga. Iarraimid orthu scaradh sóisialta a choimeád go dtí go scaoilfear na páistí duine ar dhuine.

Rang a 2 - Rang a 6
Scaoilfear na páistí in ord aibítire ag tosú ag 2:15

Am	Sloinne
2:15-2:20	A + B + C + D + E + F + G + H
2:20- ar aghaidh	I + J + K + L + M + N + O + P + Q + R + S + T + U + V + W + X + Y + Z

**Muna mbailítear an páiste,is gá dó/di filleadh ar an seomra ranga agus cuirfear glaoch ar an tuismitheoir/ caomhnóir. Ní mór daoibh é seo a phlé sa bhaile.*

Naíonáin Bheaga & Naíonáin Mhóra
Beidh na Naíonáin Bheaga & Naíonáin Mhóra ar scoil ó **8:40 go 12:00** meánlae ó 26.08.2021 **go** 10.09.2021 agus ó 8:40 - 1:20 as sin amach, ag leanacht na treoracha atá as phlé an seo. Ní ceadaítear do thuismitheoirí dul isteach sna seomraí ranga agus is gá fágáil láithreach. Ag am dul abhaile, fágfaidh na páistí duine ar dhuine nuair atá an tuismitheoir/caomhnóir/eile aitheanta ag an múinteoir ranga.

Comhthionól:
Iarraim ar na tuismitheoirí an scoil a fhágáil láithreach tar éis dóibh a chuid páistí a fhágáil agus gan a bheith ag fanacht thart.

Na páistí nár chóir dóibh freastal ar scoil:
Ní cóir do na páistí seo a leanas freastal ar Scoil

- Páistí atá diagnóisithe le Covid 19. Páistí go raibh dlúth-theagmháil acu le duine diagnóisithe le Covid 19.
- Páistí a d'fhéadfadh a bheith ionfhabhtaíoch agus atá ag fanacht ar thorthaí.
- Páistí a bhí i dteagmháil le daoine a d'fhéadfadh a bheith ionfhabhtaíoch agus atá ag fanacht ar thorthaí
- Páistí le fadhbanna sláinte go bhfuil treoir faighte acu fanacht sa bhaile. Páistí atá tar éis filleadh ó bheith thar lear gur gá dóibh féin-leithliosú a dhéanamh ar feadh 14 lá
- Páistí a bhíonn breoite rialta.

Comharthaí Covid-19:
Mar atá ar shuíomh na Roinne Sláinte (https://www2.hse.ie/conditions/coronavirus/symptoms)

Ag tacú le páistí nach féidir leo freastal ar scoil :
Cuirfear áiseanna agus gníomhaíochtaí cuí ar fáil d'aon dalta nach féidir leis/léi freastal ar scoil ar feadh tréimhse fhada.

Nóta: D'fhéadfadh an plean seo athrú agus tá seans go ndéanfaí athbhreithniú air. Táimid fíor-bhuíoch don tuiscint agus don fhoighne.